Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2024
(OR. en)

15338/24
PV CONS 55
ECOFIN 1262

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

5 Samhain 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 14792/24.

**2. Na míreanna 'A' a fhormheas**

**(a) Liosta neamhreachtach** 14794/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 14793/24

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

**1. An Rialachán maidir le staidreamh Eorpach** ❶C 14180/24 + ADD 1 PE-CONS 65/24 STATIS
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 338(1) CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**2. Treoir maidir le téarnamh agus réiteach gnóthas árachais agus athárachais** ❶C 14179/24 PE-CONS 6/24 EF
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

**3. Treoir lena leasaítear Treoir Shócmhainneacht II** ❶C 14177/24 PE-CONS 5/24 EF
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 53(1), Airteagal 62 agus Airteagal 114 CFAE).

4. **Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5/2024: coigeartuithe ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, nuashonrú ar ioncaim agus nuashonruithe teicniúla eile** SC 14475/24 + ADD 1 14476/24 14348/24 FIN
*Glacadh*
*Litir a fhormheas*

Ghlac an Chomhairle a seasamh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5/2024 (bunús dlí: Airteagal 314 CFAE agus Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach).

Ceartas agus Gnóthaí Baile

5. **Rialachán maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú** ❶C 14482/24 + ADD 1 PE-CONS 72/24 COPEN
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an tSeicia agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 82(1), an dara fomhír, pointí (b) agus (d) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil. Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

An Comhshaol

6. **Rialachán lena dtugtar isteach modúil nua cuntas eacnamaíoch comhshaoil** ❶C 14486/2/24 REV 2 PE-CONS 31/24 ENV
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an tSeicia, an Ghearmáin agus an Phortaingéil ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 338(1) CFAE).

7. **An Treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú)** ❶C 14488/1/24 REV 1 + ADD 1 REV 4 PE-CONS 85/24 ENV
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir, an Pholainn ag vótáil ina choinne agus an Eastóin ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht

8. **Rialachán maidir le táirgí foirgníochta** ❶C 14247/1/24 REV 1 + ADD 1 REV 1 PE-CONS 12/24 MI
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Aon ghnó eile**
**Tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair** 14590/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil faoin obair leanúnach ar thograí reachtacha i ndáil le seirbhísí airgeadais.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.** | **An pacáiste maidir le CBL sa ré dhigiteach** | S C | 14964/24 + ADD 1 |
| | (a) Treoir a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach<br>*Cur chuige ginearálta* | | 14961/24<br>14962/24 |
| | (b) Rialachán a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach<br>(Bunús dlí: (Airteagal 113 CFAE)<br>*Comhaontú polaitiúil* | | |

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Treoir a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach, agus ar chomhaontú polaitiúil i ndáil leis an Rialachán a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **An pacáiste maidir le CBL sa ré dhigiteach: Rialachán cur chun feidhme a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL**<br>**(Bunús dlí: Treoir 2006/112/CE)**<br>*Comhaontú polaitiúil* | C | 14963/24 |

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán Cur Chun Feidhme a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6. | An téarnamh eacnamaíoch san Eoraip | | |
| | (a) An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme<br>*Staid na himeartha* | C | 13789/24<br>+ ADD 1 REV 1 |
| | (b) Cinntí Cur chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta<br>(Bunús dlí: Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241)<br>*Glacadh* | | 14663/24<br>+ ADD 1 REV 2 |
| 7. | Tionchar eacnamaíoch agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin<br>*Seisiún tuairimíochta* | | |
| 8. | Tuarascáil Bhliantúil ón mBord Fioscach Eorpach<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 14130/24 |
| 9. | Conclúidí maidir le staidreamh an Aontais<br>*Formheas* | | 13790/1/24 REV 1<br>14716/24 |
| 10. | Obair leantach ar chruinniú Airí Airgeadais agus Ghobharnóirí an Bhainc Ceannais de chuid G20 an 23-24 Deireadh Fómhair 2024<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*<br>*Seisiún tuairimíochta* | | |

11. Aon ghnó eile

---

- ❶ An chéad léamh
- [Plé poiblí icon] Plé poiblí
- S Nós imeachta reachtach speisialta
- C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 14793/24**

**Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** **An Rialachán maidir le staidreamh Eorpach**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN LIOTUÁIN**

'I bhfianaise an tseasaimh a chuireamar in iúl roimhe seo, is mian linn aon bharúil amháin a thabhairt ar aghaidh maidir le scriosadh Airteagal 17b, fo-alt 5. Tá an Liotuáin den tuairim fós gur cheart an mhír áirithe sin a scriosadh, mar a cuireadh in iúl roimhe seo trí chomhairliúcháin fhoirmiúla. Le tacaíocht iomlán ó Pharlaimint Náisiúnta Phoblacht na Liotuáine, is é ár dtuairim gur cheart go hidéalach sonraí atá i seilbh phríobháideach, chomh maith le sonraí a dhíorthaítear ó fhoinsí éagsúla, a fhaightear go sainráite chun críche staidrimh oifigiúil, a chur ar fáil don Oifig Staidrimh Náisiúnta gan coinníollacha gan údar a fhorchur ná an iarraidh ar chúiteamh as speansais arna dtabhú ag dílseánaigh na sonraí príobháideacha sin.'

**Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':** **Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5/2024: coigeartuithe ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, nuashonrú ar ioncaim agus nuashonruithe teicniúla eile**
*Glacadh*
*Litir a fhormheas*

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN tSEICIA, ÓN DANMHAIRG, ÓN nGEARMÁIN, ÓN EASTÓIN, Ó ÉIRINN, ÓN bhFRAINC, ÓN ÍSILTÍR, ÓN OSTAIR, ÓN bPOLAINN, ÓN bhFIONLAINN AGUS ÓN tSUALAINN**

'Tugann an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Fhionlainn agus an tSualainn dá n-aire gur cheart caiteachas riaracháin a mhaoiniú laistigh den chaiteachas rialta faoi cheannteideal 7 gan dul ar iontaoibh ionstraimí speisialta. Is cúis áthais dúinn a fheiceáil go raibh naoi n-institiúid in ann na riachtanais bhreise maidir le caiteachas tuarastail a chumhdach trí ath-imlonnuithe i ndréachtbhuiséad leasaitheach 5/2024. Ag an am céanna, is oth linn a fheiceáil go raibh Coiste na Réigiún ar an aon institiúid nár chuir maoiniú ar fáil do na riachtanais bhreise trí ath-imlonnuithe.'

**Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':** **Rialachán maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN tSEICIA**

'Mheas Poblacht na Seice gur deis é an togra le haghaidh Rialachán maidir le himeachtaí coiriúla a aistriú chun an nós imeachta maidir le haistriú imeachtaí coiriúla idir na Ballstáit a shimpliú, a fheabhsú agus a chomhchuibhiú. Sin é an fáth ar ghlac sí páirt an-ghníomhach sa chaibidlíocht ón tús.

Is mór ag Poblacht na Seice go bhfuil go leor dá cuid barúlacha curtha san áireamh ag na hUachtaránachtaí agus go bhfuil go leor de na moltaí a rinne sí le linn an phróisis caibidlíochta curtha san áireamh acu freisin.

Measann Poblacht na Seice go bhfuil sé thar a bheith dearfach go ndéantar an méid seo a leanas leis an Rialachán:

- creat aonfhoirmeach a chruthú chun imeachtaí coiriúla a aistriú,
- fágtar gur féidir imeachtaí coiriúla a aistriú, fiú i gcoinne ciontóir anaithnid,
- an córas iarrataí a choimeád ar bun,
- déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht aistriú imeachtaí coiriúla a dhiúltú i gcásanna áirithe,
- déantar é a theorannú go heisiach d'aistriú imeachtaí coiriúla.
- go mbunaítear foirm aonfhoirmeach don iarraidh ar imeachtaí coiriúla a aistriú agus go leagtar síos teorainneacha ama do ghníomhartha aonair an nós imeachta maidir le haistriú.

Ó thús na caibidlíochta maidir leis an dréacht den Rialachán, chuir Poblacht na Seice i gcoinne leigheas dlí a thabhairt isteach d'amhrastaigh/cúisithe/íospartaigh in aghaidh an chinnidh imeachtaí coiriúla a aistriú. Ar an drochuair, níor cuireadh san áireamh na hargóintí a chuireamar chun cinn go leanúnach le linn na caibidlíochta agus, dá bhrí sin, tá an oibleagáid sin sa Rialachán fós. Feictear dúinn, go bunúsach, gur drochrud an méid sin.

- Más rud é go mbeidh cearta agus saoirsí amhrastach/cúisithe a ráthaítear le dlí an Aontais á sárú trí imeachtaí coiriúla a aistriú, ní mór cearta na n-amhrastach/na gcúisithe a bhféadfadh aistriú na n-imeachtaí difear a dhéanamh dóibh a shainaithint go soiléir. Níl aon cheart ann, áfach, ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh i mBallstát ar leith den Aontas. Príomhghné d'aistriú na n-imeachtaí is ea prionsabal riar cuí an cheartais agus forfheidhmiú éifeachtach an cheartais. Ní iontas ar bith é nach mbeadh amhrastaigh/cúisithe ag aontú leis an bprionsabal sin; is minic nach mbíonn sé chun a leasa.
- Ar an gcaoi chéanna, trí imeachtaí coiriúla a aistriú, ní dhéantar aon sárú ar chearta íospartach. I mBallstáit de chuid an Aontais atá faoi cheangal ag an Treoir maidir le Cearta Íospartach, urramaítear caighdeáin chosanta do chearta íospartach in imeachtaí coiriúla. I roinnt Ballstát, d'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhmiú cheart an íospartaigh chomh 'compordach' céanna, ach níor cheart é sin a bheith ina chúis le bac a chur ar imeachtaí coiriúla a aistriú.
- Ní fhoráiltear don cheart chun leigheas dlí (*is amhlaidh an cás maidir leis an oibleagáid dul i gcomhairle roimh ré agus tuairim a fháil maidir le himeachtaí coiriúla a aistriú, cé go bhfuil sé teoranta go páirteach san fhoclaíocht atá ann faoi láthair*) in aon cheann d'fhorálacha normatacha Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe chun Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bhunú.

  Cé nach rialaítear sa Rialachán seo aistriú na n-imeachtaí coiriúla, ós rud é nach bhfeidhmíonn OIPE a dhlínse féin, ach go bhfeidhmíonn sé dlínse choiriúil Bhallstáit an Aontais atá faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2017/1939, foráiltear sa Rialachán seo do rialacha maidir le cás coiriúil a aistriú ó dhlínse Ballstáit amháin go dlínse Ballstáit eile. Dá bhrí sin, tá timpeallacht á cruthú againn ina dtabharfar fabhar d'amhrastaigh/cúisithe i gcineálacha áirithe imeachtaí coiriúla thar dhaoine eile.

- Is áiféiseach an rud é, cé go ndeonaítear ceart nua chun leigheas dlí sa Rialachán, go gcuirtear srian, a bheag nó a mhór, ar an gceart sin i gcás na ndaoine sin nach seirbheálfar orthu, faoi choinníollacha áirithe, cinntí lena ndéantar imeachtaí coiriúla a ghlacadh ar láimh; níl an measúnú ar na coinníollacha sin infhíoraithe ar bhealach ar bith agus beidh sé faoi rogha údarás breithiúnach an Stáit iarrtha. Ní léir dúinn gur réiteach pragmatach é an srian *de facto* sin ar an rochtain ar leigheas, rud a d'fhéadfadh a bheith ina fhadhb bhunreachtúil.

Is é aistriú imeachtaí coiriúla idir na Ballstáit an réimse deireanach den chomhar breithiúnach idirnáisiúnta in ábhair choiriúla nach rialaítear go haonfhoirmeach idir Ballstáit an Aontais. Chun an rún bunaidh a chomhlíonadh, ionas go mbeidh Rialachán nua-aimseartha, éifeachtach, simplí, soiléir, so-infheidhmithe ann do chleachtóirí, b'iomchuí níos mó ama a chaitheamh lena phlé i bhformáid mheitheal COPEN.

In ainneoin an mhéid thuas, aithníonn Poblacht na Seice na hiarrachtaí a rinne na hUachtaránachtaí le linn na caibidlíochta maidir leis an dréacht-Rialachán, chun teacht ar réiteach maidir leis an bhfoclaíocht chomhréitigh sa téacs atá á thíolacadh faoi láthair, agus is mór aici na hiarrachtaí sin.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 7 ar liosta na míreanna 'A':** | **An Treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Is cúis imní do Phoblacht na Bulgáire na dúshláin mhóra a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach athmhúnlaithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh mar thoradh ar na ceanglais níos déine i ndáil le cáilíocht an uisce chóireáilte agus ar na hoibleagáidí faireacháin leathnaithe. Measaimid gur gá a áirithiú go mbeidh solúbthacht ag na Ballstáit ó thaobh chur chun feidhme na Treorach, agus sásraí tacaíochta leordhóthanacha á gcur ar fáil acu chun cur chun feidhme na Treorach a éascú, an t-ualach airgeadais ar na Ballstáit a laghdú agus an daonra a chosaint ar ardú na bpraghsanna ar sheirbhísí.

Cé go gcuirtear san áireamh sa téacs comhaontaithe na réamh-mheasúnuithe ar chumas na tíre na ceanglais uaillmhianacha nua a chomhlíonadh, measaimid gur den tábhacht é go gceanglaítear i gcónaí, i ndáil le cur chun feidhme, infheistíocht mhór agus cumas mór chun an líonra séarachais a fhorbairt, na gléasraí cóireála fuíolluisce a nuachóiriú, córais aonair agus córais eile iomchuí a rialú agus bainistiú cuí. In ainneoin na spriocdhátaí leathnaithe agus roinnt athruithe eile, is cúis imní i gcónaí dúinn na hacmhainní airgeadais agus an t-am is gá chun na tionscadail faoi seach sa Bhulgáir a chur chun feidhme, de dheasca an ardaithe ar phraghsanna i ngach réimse; ní mór na costais agus na spriocdhátaí measta a nuashonrú.

Mar sin féin, tuigeann an Bhulgáir gur gá an comhshaol a chosaint agus aithníonn sí an méid a rannchuidíonn an gníomh seo leis sin. Ag an am céanna, leagann an Bhulgáir béim ar a riachtanaí atá sé cothromaíocht chóir a bhaint amach idir comhshaol glan a áirithiú agus an ceart chun rochtain chomhionann ar chúram sláinte, rud a bhaineann leis an othar a bheith ag súil le táirgí íocshláinte slána, éifeachtacha agus ar ardcháilíocht a bheith ar fáil ar phraghsanna inacmhainne san Aontas. Táimid ag brath ar an gCoimisiún Eorpach obair a dhéanamh chun an tacaíocht is gá a áirithiú do na Ballstáit, agus leagaimid béim ar an ngá cistí suntasacha ón Aontas a sholáthar chun na ceanglais arda nua a chomhlíonadh.

D’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag na forálacha maidir le freagracht leathnaithe táirgeora ar iomaíochas domhanda agus tarraingteacht an Aontais mar thimpeallacht ina gcumasófaí táirgeadh. Tá tionchair dhiúltacha fhéideartha eile ag cur srian ar infhaighteacht na dtáirgí íocshláinte agus ag méadú a gcostas agus a bpraghsanna go mór; is fadhb an-mhór é sin do thíortha beaga agus meánmhéide ar nós na Bulgáire. Sa chomhthéacs sin, deimhnímid an imní a léiríodh sa phróiseas caibidlíochta go bhféadfadh na forálacha sin dochar a dhéanamh d’infhaighteacht agus praghsanna táirgí íocshláinte d’othair sa Bhulgáir. Mar tháirgeoir táirgí cineálacha, is cúis imní freisin don Bhulgáir na héifeachtaí dochracha a d’fhéadfadh a bheith ar iomaíochas thionscal na Bulgáire.

Ní laghdaítear an imní atá ar an mBulgáir le glacadh an ghnímh agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta maidir leis an gcomhad. Mar a dúradh go mion minic le linn na caibidlíochta, tá imní an domhain orainn faoi na forálacha maidir le freagracht leathnaithe táirgeora. Tá nasc teagmhasach idir na ceanglais rialála a thugtar isteach leis an Treoir agus na hiarmhairtí diúltacha atá tuartha don tionscal, do na tomhaltóirí agus d’othair. I gcomhréir leis na hualaigh airgeadais bhreise arna dtabhairt isteach, déanfar innéascú féideartha phraghsanna na dtáirgí críochnaithe a ionchorprú i bpraghsanna na dtáirgí don tomhaltóir deiridh, agus leis sin déanfar dochar d’inacmhainneacht na cóireála agus do shásamh an othair. Creidimid nach mór sásraí a lorg chun tabhairt faoin bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha ach níor cheart sin a dhéanamh trí mhonaróirí agus táirgí íocshláinte a tharraingt siar nó trí phraghsanna a ardú.

Áitíonn an Bhulgáir go gcuirfear san áireamh an indéantacht eacnamaíoch agus an t-ualach riaracháin breise ar tháirgeoirí na dtáirgí íocshláinte. I bhfianaise na sonraí nua faoi fhíorluach na n-infheistíochtaí riachtanacha agus an éifeacht a thuartar, iarraimid go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach measúnú oibiachtúil ar chur chun feidhme an ghnímh, lena n-áirítear ar an bhfhíorualach riaracháin ar tháirgeoirí agus ar na Ballstáit. Má dheimhnítear na hábhair imní do roinnt páirtithe leasmhara go bhfuil gannmheastachán suntasach á dhéanamh ar mheastacháin sa mheasúnú tionchair, impíonn an Bhulgáir ar an gCoimisiún Eorpach bearta ceartaitheacha a dhéanamh in am trátha, lena n-áirítear trí na hidirthréimhsí le haghaidh cur chun feidhme a shíneadh go mór. Tá sé sin riachtanach go háirithe i ndáil le táirgeadh antaibheathach agus táirgí íocshláinte cineálacha eile, a d’fhéadfaí a tharraingt siar ón margadh nó a d’fhéadfadh éirí i bhfad níos costasaí. Ní mór athbhreithniú agus nuashonrú tráthúil a dhéanamh ar an Treoir i ngeall ar an dochar a mheastar a bheith déanta do thionscal, tomhaltóirí agus othair na hEorpa.

Iarrann an Bhulgáir go ndéanfar faireachán ar éifeachtaí an chur chun feidhme maidir le rochtain ar tháirgí íocshláinte agus go ndéanfar bearta tráthúla i gcás iarmhairtí diúltacha, fiú mura dtarlaíonn siad ach i mBallstát amháin.

Ina theannta sin, is ábhair imní dúinn nach bhfuil na hoibleagáidí a tugadh isteach leis an bhforáil maidir le freagracht leathnaithe táirgeora comhréireach le cion na hearnála cosmaidí i dtaca le hastaíochta micreathruailleán. Tugadh isteach srianta ar mhicreacháithníní polaiméire sintéisí a úsáid i dtáirgí cosmaideacha cheana féin in 2023 leis an reachtaíocht thánaisteach faoi Rialachán REACH. Tá an tionscal ag obair chun roghanna malartacha in-díghrádaithe a chur ina n-ionad, rud a laghdóidh truailliú.

Is fiontair bheaga agus mheánmhéide a tháirgeann go leor de na táirgí cosmaideacha lena mbaineann, agus beidh ualach suntasach airgeadais agus riaracháin ag baint leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora ina leith, lena n-áirítear ó thaobh comhlíonadh na gceanglas maidir le díolmhú a léiriú.

Agus an méid sin á chur san áireamh, creidimid go bhfuil neamhréireachtaí ann le prionsabail an Aontais maidir le hualaí nach bhfuil gá leo a shimpliú agus a laghdú.’

**RÁITEAS ÓN tSEICIA**

'Tacaíonn an tSeicia leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh. Measaimid gur téacs uaillmhianach é an togra lena mbeifear in ann cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a neartú, go háirithe i gcoinne foinsí éillithe atá ag teacht chun cinn.

Go ginearálta, tacaíonn an tSeicia le cur i bhfeidhm an phrionsabail 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' agus an tsásra freagrachta leathnaithe táirgeora chun na córais cóireála ceathartha a mhaoiniú chun láithreacht agus scaoileadh micreathruailleán i dtimpeallachtaí uisceacha a laghdú.

Tá an imní chéanna ar an tSeicia agus atá ar na Ballstáit eile, áfach, maidir leis na córais freagrachta leathnaithe táirgeora a chur i bhfeidhm ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus an tionchar atá aige sin ar phraghsanna agus ar inrochtaineacht na dtáirgí sin. Is cúis imní dúinn nach ndearnadh measúnú iomlán ar na héifeachtaí sin le linn an mheasúnaithe tionchair, go háirithe i bhfianaise na nganntanas táirgí íocshláinte atá ann faoi láthair i bhformhór na mBallstát. Is cúis imní dúinn freisin an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith aige ar infhaighteacht na dtáirgí íocshláinte atá ar liosta an Choimisiúin Eorpaigh de Tháirgí Íocshláinte Criticiúla.

Dá bhrí sin, iarrann an tSeicia go ndéanfaí meastóireacht chúramach leanúnach ar thionchair na freagrachta leathnaithe táirgeora ar na gnéithe seo a leanas:

- Ualach airgeadais ar bhuiséid na gcóras cúraim sláinte agus ar othair;
- Infhaighteacht agus rogha na cóireála;
- Fo-iarsmaí ar uathriail straitéiseach an Aontais agus ar an iomaíochas domhanda;
- Fo-iarsmaí ar an tionscal cógaisíochta, lena n-áirítear ar athshocrú monaraíochta;
- Bacainní breise ar iontráil sa mhargadh a chruthú;
- Coinníollacha éagothroma den fhreagracht leathnaithe táirgeora idir na Ballstáit.

Más léir go bhfuil tionchar diúltach díréireach ar cheann de na réimsí thuasluaite ag baint le tabhairt isteach an chórais freagrachta leathnaithe táirgeora, tathantaímid ar an gCoimisiún bearta a lorg chun na héifeachtaí sin a mhaolú, lena n-áirítear athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fhorálacha ábhartha na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh. Iarraimid ar an gCoimisiún freisin na gnéithe sin a chur san áireamh agus gníomhartha ábhartha cur chun feidhme agus tarmligthe á n-ullmhú aige.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Tacaíonn an Ghearmáin leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh mar bheart tábhachtach chun feabhas a chur ar chosaint uiscí agus mar rannchuidiú chun na ceimiceáin dhíobhálacha sa chomhshaol a laghdú agus an t-athrú aeráide a mhaolú araon. Dá bhrí sin tá an Ghearmáin ag vótáil chun an Treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh a ghlacadh.

Ag an am céanna, tá sé tábhachtach dreasachtaí a chruthú i gcomhair truaillitheoirí chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt táirgí níos glaise i gcomhréir leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora earnáilshonrach. Ní léir fós a éifeachtaí a bheidh na dreasachtaí sin, go háirithe i gcomhair táirgí íocshláinte cineálacha. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar an tionchar atá ag na costais mhéadaithe a bhaineann leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora, go háirithe i gcomhair táirgí íocshláinte cineálacha, a bhfuil ról fíormhór acu sa Ghearmáin agus a áirítear ar 80 % d'oidis, agus i bhfianaise an ualaigh bhreise ar chistí árachais sláinte a d'fhéadfadh teacht astu. Tá cúram othar agus rochtain ar tháirgí íocshláinte, atá ar ardcháilíocht agus atá inacmhainne ag an am céanna, ríthábhachtach.

Ina theannta sin, gan beann ar an Treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh, tá méadú ag teacht ar an nganntanas soláthair agus ar an spleáchas ar tháirgeadh i dtríú tíortha. I bhfianaise an mhéid sin, tá an Rialtas Cónaidhme ag súil leis go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach bearta tráthúla chun an cúram othar a chosaint más rud é go dtosóidh aon drochéifeachtaí ag teacht chun cinn — go háirithe má dhéanann an ganntanas soláthair nó imeacht ón margadh difear do sholáthar na dtáirgí íocshláinte criticiúla — agus má bhíonn caiteachas breise ina ualach suntasach ar chistí árachais sláinte mar thoradh ar an Treoir. Ceanglaítear leis sin dlúthchomhar idir na Ballstáit, rud ba cheart don Choimisiún Eorpach a chomhordú agus tacú leis.

Is tír den phríomhthábhacht don tionscal cógaisíochta í an Ghearmáin agus molann sí ina theannta sin go ndéanfaí measúnú luath ar an bhfreagracht leathnaithe táirgeora, rud nach mór a dhéanamh chun infheistíocht, nuálaíocht agus táirgeadh tábhachtach a choinneáil san Aontas. Sa chomhthéacs sin ba inmhianaithe an rud é athbhreithniú luath a dhéanamh ar earnálacha eile a áireamh sa fhreagracht leathnaithe táirgeora. Is é ár dtuairim freisin nach mór an fhreagracht leathnaithe táirgeora a chur chun feidhme go haonfhoirmeach ar fud na hEorpa, chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chinntiú. Áirítear air sin, dar leis an nGearmáin, liosta comhchuibhithe de shubstaintí agus an dochar a dhéanann siad a bheith ann, agus breithniú a dhéanamh ar bhunú na ranníocaíochtaí a chomhchuibhiú chun saobhadh ar an margadh a sheachaint.'

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'Is mór an chúis imní dúinn Airteagal 9 maidir le freagracht leathnaithe táirgeora a chur i bhfeidhm maidir le táirgí cógaisíochta. Cé gur úsáideach an fhoinse cistiúcháin í an fhreagracht leathnaithe táirgeora chun na costais a bhaineann le cóireáil fuíolluisce ina bhfuil micreathruailleáin (cóireáil cheathartha) a chumhdach, níor cheart gur réiteach éigeantach do na Ballstáit é sin agus níor cheart gurb í aon t-aon réiteach a bheadh acu. Agus an fhreagracht leathnaithe táirgeora á cur i bhfeidhm acu, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a gcomhthéacs náisiúnta sonrach féin a bhreithniú a mhéid a bhaineann le hindéantacht theicniúil agus inmharthanacht eacnamaíoch bunú na freagrachta leathnaithe táirgeora, agus impleachtaí socheacnamaíocha níos leithne a chur sa mheá freisin, go háirithe infhaighteacht agus inacmhainneacht táirgí íocshláinte fíor-riachtanacha criticiúla. Agus na gnéithe sin á mbreithniú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh ar bhonn níos leithne maidir le foinsí cistiúcháin malartacha nó breise a úsáid chun na costais a bhaineann le cóireáil cheathartha a chumhdach agus i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ba cheart dóibh a bheith in ann catagóirí áirithe táirgí a dhíolmhú ón bhfreagracht leathnaithe táirgeora.

Cé go n-aontaímid gur bunchoincheap i gcosaint an chomhshaoil é an prionsabal "costas an truaillithe ar an truaillitheoir", nílimid baileach cinnte go bhfuil sé oiriúnach don earnáil cógaisíochta sa Treoir seo ar na cúiseanna seo a leanas.

Ar an gcéad dul síos, **níor dheimhnigh an staidéar féidearthachta** (a rinneadh mar chuid de mheasúnú tionchair an Choimisiúin) **gur léir go raibh breisluach ag baint leis an bhfreagracht leathnaithe i gcás táirgí cógaisíochta**, ós rud nach mbeadh ach tionchar fíortheoranta aici ar an athrú iompraíochta. Ar lámh amháin, ní móide go spreagfaí go mór leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora ionadaíocht a dhéanamh ar chomhábhair ghníomhach cógaisíochta sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, nuair a chuirtear san áireamh na timthriallta nuálaíochta sonracha a bhíonn ag na comhábhair sin. Ar an lámh eile, níl sé de rogha ag na hothair a gcaitheamh táirge íocshláinte, a sonraíodh dóibh ar bhonn míochaine, a laghdú ná aistriú chuig táirge eile.

I ndáil leis an méid sin, níl **na gnéithe eitice á mbreithniú go leordhóthanach**, ós rud é gur ar na hothair a bheidh sé na costais bhreise a sheasamh, rud a chuirfeadh ualach díréireach éagórach ar ghrúpaí den daonra ar leochaileach a gcás mar gheall ar a riocht sláinte.

Ar an dara dul síos, tugaimid dár n-aire agus is cúis imní dúinn é go mbeidh **cóir neamhionann idir na Ballstáit** mar thoradh ar an gcur chuige atá roghnaithe le haghaidh an chórais freagrachta leathnaithe táirgeora. Dá mbeadh bacainní breise ar iontráil táirgí cógaisíochta áirithe sa mhargadh agus dá méadófaí praghsanna táirgí cógaisíochta áirithe, d'fhéadfadh sé gur in olcas a rachadh infhaighteacht agus rogha na cóireála a bheadh ar fáil, go háirithe i gcomhthéacs margaí beaga, ina mbíonn tarraingt siar ar chúiseanna eacnamaíocha ag tarlú go minic cheana féin. Ina theannta sin, i mBallstáit nach mbíonn táirgeadh cógaisíochta áitiúil suntasach ar siúl iontu, aistreofar na costais ón monaróir chuig gníomhaithe iartheachtacha eile.

Ní bheidh sé sin ag teacht le bunaidhm na freagrachta táirgeora, ós rud é, sna himthosca sin, gur rídhóigh go n-aistreofar costais na freagrachta leathnaithe táirgeora chuig an mbuiséad cúraim sláinte agus go méadófaí comhíocaíochtaí na n-othar. Dá bhrí sin, beidh **impleachtaí diúltacha socheacnamaíocha** ag baint le tabhairt isteach na freagrachta leathnaithe táirgeora ar bhonn éigeantach, **agus, lena chois sin, cuirfear isteach freisin ar inniúlacht na mBallstát** maidir le cúram sláinte a mhaoiniú. Ina theannta sin, ní bhreithnítear go leordhóthanach **an fhéidearthacht eacnamaíoch agus an t-ualach riaracháin**, go háirithe má tá an líon acu siúd is 'táirgeoirí' sách beag. Sna Ballstáit atá beag agus ina bhfuil caitheamh táirgí cógaisíochta níos ísle, beidh ualach airgeadais míréasúnta ar roinnt gníomhaithe sa mhargadh mar thoradh ar an bhfreagracht leathnaithe táirgeora a bheith á tabhairt isteach. D'fhéadfadh sé nach leor gan ach suas le 20 % de na costais chóireála cheathartha a chumhdach trí mhaoiniú náisiúnta chun tionchar diúltach ar infhaighteacht agus inacmhainneacht na gcógas leighis criticiúil a chosc.

Ar an tríú dul síos, tugaimid dár n-aire nach léir fós **cé na táirgeoirí atá faoi réir na freagrachta leathnaithe táirgeora** i gcás an tslabhra soláthair cógaisíochta, slabhra ina bhfuil go leor gníomhaithe rannpháirteach agus an táirge á chur ar fáil ar an margadh. Dá bhrí sin, mar gheall ar an trádáil chomhthreomhar, d'fhéadfadh **cánachas dúbailte** a bheith i gceist.

Ar na cúiseanna sin, níl an Eastóin in ann tacú leis an Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh agus tá sí ag staonadh ón vótáil.'

**RÁITEAS ÓN nGRÉIG**

'Is díol sásaimh don Phoblacht Heilléanach an tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh agus tacaíonn sí lena hathmhúnlú arb é is aidhm dó bainistiú comhtháite inbhuanaithe uisce, laghdú ar thruailliú agus méadú ar chosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil, i gcomhréir le spriocanna agus beartais an Aontais.

Cé go n-aontaíonn an Ghréig le cuspóirí comhshaoil théacs comhréitigh an togra, cuirimid ár n-imní in iúl maidir leis na ceanglais nua uaillmhianacha. Tá dúshláin ag baint leis an raon feidhme a leathnú anuas ar na hoibleagáidí nua toisc go gcruthófar leo, laistigh de thréimhse dhocht ama, éilimh shuntasacha ar infheistíochtaí, costais oibriúcháin mhéadaithe, castacht agus ualach riaracháin. Meastar go mbeidh líon an-mhór ceirtleán sa Ghréig faoi oibleagáid an Treoir a chur i bhfeidhm mar thoradh ar leathnú na tairsí daonra, go príomha mar gheall ar mhórluaineachtaí daonra de bharr na turasóireachta sna ceirtleáin sin. Tá imní orainn faoi inacmhainneacht agus inbhuanaitheacht amach anseo i gcás go leor ceirtleán, nach mbeidh ach fíorbheagán cónaitheoirí buana iontu i gcomparáid leis an gcoibhéis daonra.

Táimid ag déanamh ár marana go háirithe maidir leis na ceanglais nua, mar shampla i ndáil le neodracht fuinnimh agus freagracht leathnaithe táirgeora, a chur i bhfeidhm. A mhéid a bhaineann le freagracht leathnaithe táirgeora, eascraíonn ár n-imní go háirithe as castacht agus éagsúlachtaí a bhainfidh lena cur i bhfeidhm i mBallstáit éagsúla chomh maith leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht cógas.

Beidh gá le hacmhainní suntasacha airgeadais chun an Treoir nua a chur chun feidhme ina hiomláine taobh istigh den tréimhse ama is gá. Beidh tacaíocht shuntasach de dhíth: cistiú ón Aontas agus, tacaíocht theicniúil agus cúnamh teicniúil i ndáil le saincheisteanna eagraíochtúla, eolaíocha agus riaracháin.

Creidimid go dtabharfar aird chuí ar na hábhair imní sin nuair a thiocfaidh an Treoir nua i bhfeidhm, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát a forálacha a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go héifeachtach. In ainneoin na n-ábhar imní thuasluaite maidir le cur i bhfeidhm, a bhaineann le ceanglais agus spriocanna uaillmhianacha na Treorach athbhreithnithe, aithnímid an fhís níos leithne i dtreo cosaint níos fearr a thabhairt do shláinte an duine, acmhainní uisce agus don chomhshaol i gcoitinne.'

**RÁITEAS ÓN SPÁINN**

'Aontaíonn agus tacaíonn an Spáinn le huaillmhian an Aontais maidir le comhshaol agus dá bhrí sin vótálfaidh sí i bhfabhar athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh mar measann sí gur príomhrialachán í chun staid an chomhshaoil agus na sláinte a fheabhsú.

Beidh trasuí agus cur chun feidhme an téacs ina dhúshlán ollmhór do na Ballstáit uile, ní hamháin mar gheall ar na cuspóirí nua a mholtar sa Treoir, ach freisin mar gheall ar na spriocdhátaí dochta chun iad a bhaint amach. Mar gheall air sin, beidh ar na hinstitiúidí Eorpacha tacaíocht a thabhairt le linn an phróisis ar fad.

Ba cheart an chóireáil cheathartha nua a thabhairt isteach chun dul i ngleic leis an truailliú a ghineann micreathruailleáin, agus í a mhaoiniú tríd an scéim freagrachta leathnaithe táirgeora, agus an méid sin a dhéanamh trína áirithiú go gcuirfear an prionsabal "costas an truaillithe ar an truaillitheoir" i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhréireach. Ba cheart an chóireáil sin a chur chun feidhme ar bhealach a neartóidh an príomhchuspóir .i. truailliú a dhíothú ag an bhfoinse, lena n-áiritheofar nach ndéanfaidh cur i bhfeidhm na Treorach difear do rochtain ar na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir ná d'inacmhainneacht na dtáirgí sin.

Dá bhrí sin, iarrann an Spáinn ar an gCoimisiún treoirlínte a tharraingt suas a luaithe is féidir chun cur chun feidhme comhchuibhithe a áirithiú idir na Ballstáit éagsúla, ach saoirse áirithe a thabhairt dóibh freisin na ceanglais sin a chur i gcomhréir le creataí rialála náisiúnta.

Ba cheart staidéar tionchair comhlántach a bheith ag gabháil leis na gníomhartha tarmligthe atá le hullmhú chun na críche sin, staidéar ina ndéanfar measúnú ar éifeachtaí na scéime freagrachta leathnaithe táirgeora agus ar a héifeachtacht maidir le truailliú a laghdú ag an bhfoinse.'

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC**

'Tacaíonn an Fhrainc leis an Treoir athbhreithnithe maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh agus measann sí gur téacs uaillmhianach í lena gcuirtear san áireamh éifeachtaí an athraithe aeráide agus lena gcuideofar le sláinte an duine a chosaint agus an comhshaol a neartú, go háirithe i ndáil le foinsí éillithe atá ag teacht chun cinn. Tacaíonn an Fhrainc le cur i bhfeidhm an phrionsabail "costas an truaillithe ar an truaillitheoir" agus le cur i bhfeidhm na scéime freagrachta leathnaithe táirgeora chun bunú córas cóireála ceathartha a mhaoiniú d'fhonn láithreacht agus scaoileadh micreathruailleán i dtimpeallachtaí uisceacha a laghdú. Ar an mbonn sin, deimhníonn an Fhrainc go bhfuil sí tiomanta do chuspóirí na Treorach athbhreithnithe a bhaint amach.

Mar sin féin, cé go gcuideoidh an Treoir athbhreithnithe le dreasachtaí a chruthú dár gceannairí tionscail chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a fhorbairt, go háirithe maidir le micreathruailleáin, déanfaidh an Fhrainc dlúthfhaireachán ar an tosaíocht a thabharfar ina cur chun feidhme d'fho-éifeachtaí díobhálacha ar thionscail na cógaisíochta agus na gcosmaidí a sheachaint, chun a áirithiú nach gcaillfimid radharc ar an aidhm uileghabhálach neamhspleáchas straitéiseach agus iomaíochas domhanda an Aontais a neartú. Tá sé den riachtanas go mbeadh ár dtionscail in ann a n-infheistíochtaí agus a nuálaíochtaí a chaomhnú (go háirithe maidir le táirgí níos freagraí a tháirgeadh) inár gcríocha. Maidir le táirgí íocshláinte níor cheart baol a bheith ann, le cur chun feidhme na Treorach, go méadófaí ar ghanntanais trí athshocrú a spreagadh i gcomhthéacs praghsanna rialáilte.

Ar deireadh, iarrann an Fhrainc ar an gCoimisiún a ullmhúchán don ghníomh tarmligthe a bheidh ann amach anseo a chalabrú go mion, a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí a leagan amach lena gcinnfear raon feidhme rannchuiditheoirí na scéime freagrachta leathnaithe táirgeora, agus dá bhrí sin iarrann sí ar an gCoimisiún gan ualach iomarcach a chur ar ghnóthais áirithe. Molann an Fhrainc freisin a áirithiú go ndéanfaí an cur chun feidhme a chomhchuibhiú sna Ballstáit éagsúla chun oibriú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a choinneáil ar bun.

Ar na cúiseanna sin, áiritheoidh an Fhrainc go gcuirfear an fhaisnéis uile is gá ar fáil don Choimisiún agus molann sí go ndéanfaí measúnú tionchair comhlántach spriocdhírithe mar áis agus an gníomh tarmligthe á ullmhú.'

**RÁITEAS ÓN IODÁIL**

'Tacaíonn an Iodáil le glacadh na Treorach athbhreithnithe maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh, go háirithe a comhpháirteanna nuálacha, lena gcuirfear chun cinn bearta chun éifeachtaí an athraithe aeráide a chomhrac, mar shampla aisghabháil cothaitheach agus ábhar, úsáid éifeachtúil fuinnimh, athúsáid uisce chóireáilte agus sloda agus bainistiú feabhsaithe ar rith chun srutha uirbeach.

Measann an Iodáil go mbeidh cur chun feidhme na Treorach nua an-dúshlánach agus go mbeidh infheistíocht shuntasach ag teastáil ina leith. Ar an gcúis sin measann sí go bhfuil sé ríthábhachtach, agus iarrann sí ar an gCoimisiún a áirithiú, go mbeidh cistí leordhóthanacha de chuid an Aontais ar fáil chun tacú le cur chun feidhme na Treorach, go háirithe tiontú fuinnimh na hearnála fuíolluisce.

Iarrann an Iodáil freisin go gcuirfí tús leis an obair chun measúnú tionchair an Choimisiúin a nuashonrú a luaithe is féidir chun athbhreithniú tráthúil ar fhorálacha na Treorach maidir le freagracht leathnaithe táirgeora a éascú agus an scéim freagrachta leathnaithe táirgeora a leathnú ina dhiaidh sin chuig earnálacha seachas earnáil na cógaisíochta agus na gcosmaidí, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go gcuirfear an prionsabal "costas an truaillithe ar an truaillitheoir" i bhfeidhm go hiomlán.'

**RÁITEAS ÓN gCIPIR**

'Tagann Poblacht na Cipire le cuspóirí foriomlána comhshaoil na Treorach maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh, agus dá réir sin, tacaíonn sí le glacadh na Treorach maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú).

Os a choinne sin, tá léirithe maidir leis an Treoir atá ann faoi láthair go bhfuil mórdheacrachtaí ag baint lena cur chun feidhme, agus dá bhrí sin, tá ábhair imní dhlisteanacha fós ag an gCipir maidir leis an ualach riaracháin méadaithe, na costais shuntasacha airgeadais, agus an tréimhse ama sách teoranta chun go gcomhlíonfadh an Chipir ceanglais níos uaillmhianaí na Treorach nua. Is cuí a thabhairt chun cuimhne go bhfuil an méid seo a leanas ar shaintréithe uathúla na Cipire: easpa aibhneacha nó lochanna, doimhneacht mhór an screamhuisce (níos mó ná 100 méadar ar doimhneacht i mórán cásanna) agus go n-úsáidtear an chuid is mó den fhuíolluisce cóireáilte cheana féin le haghaidh uisciú talmhaíochta. Go deimhin, dearbhaíonn pleananna bainistíochta abhantraí na Cipire nach mbíonn tionchar diúltach ar na dobharlaigh ag an sceitheadh fuíolluisce i bhformhór na gcásanna.

In ainneoin ár gcuid móriarrachtaí agus ár bhfíorthiomantais pholaitiúil, is léiriú iad na dúshláin atá romhainn maidir le cur chun feidhme na Treorach atá ann faoi láthair ar a dheacra a bheidh sé an Treoir nua a chur chun feidhme, ó tharla gur méadaíodh go mór ar an uaillmhian leis an Treoir nua. Go háirithe, níor éirigh linn go dtí seo ceanglais na Treorach atá ann faoi láthair a chomhlíonadh maidir le 28 gceirtleán as 57 gceirtleán san iomlán. Tá baint ag na moilleanna a tháinig chun cinn leis na costais ollmhóra eacnamaíocha, an t-ualach trom riaracháin, fionnachtana seandálaíochta le linn na n-oibreacha agus an gá atá le comhordú agus comhairliúcháin fhorleathana rialtais le húdaráis áitiúla. Socraíodh 2030 mar an dáta deiridh chun Treoir 91/271/CEE a chomhlíonadh go hiomlán leis na cláir seo a leanas: ár gClár Náisiúnta Cur Chun Feidhme athbhreithnithe (NIP-2020) a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh an 30 Meitheamh 2022 agus an Clár Náisiúnta Cur Chun Feidhme athbhreithnithe is déanaí (NIP-2022) a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh an 30 Meitheamh 2024.

Fágfaidh an tairseach nua maidir le ceirtleáin nach lú ná coibhéis daonra 1 000 go mbeidh sé an-deacair ag an gCipir na hacmhainní is gá a aimsiú chun córais bailithe agus cóireáil thánaisteach a thógáil i 26 cheirtleán breise. Ba chóir a thabhairt faoi deara, mar gheall ar mhéid ár dtíre, go bhfuil líon an-teoranta conraitheoirí againn ar féidir leo na córais riachtanacha a fhorghníomhú.

In ainneoin na ndeacrachtaí tromchúiseacha cur chun feidhme, tacaíonn an Chipir le glacadh na Treorach maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú) toisc go dtuigimid an tábhacht a bhaineann léi i ndáil leis an gcomhshaol agus sláinte an duine a chosaint.

Creideann an Chipir go dtabharfar aird chuí ar na hábhair imní sin nuair a thiocfaidh an Treoir nua i bhfeidhm, lena n-áirítear trí chistiú leordhóthanach de chuid an Aontais a chosaint a chuirfidh ar chumas na mBallstát ceanglais shuntasacha airgeadais na Treorach a chomhlíonadh.'

**RÁITEAS ÓN LAITVIA**

'Tacaíonn an Laitvia leis an Treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh, arb é is aidhm di cosaint níos fearr a thabhairt don chomhshaol agus do shláinte an duine. Le linn na caibidlíochta, chuir an Laitvia in iúl arís agus arís eile go dtacaíonn sí le nuashonrú na gceanglas maidir le bailiú agus cóireáil fuíolluisce, agus maidir le méadú ar inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht na hearnála bainistithe fuíolluisce.

Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil dúshláin shuntasacha ag baint le cur chun feidhme na Treorach.

Go ginearálta, creideann an Laitvia gur uirlis éifeachtach é an córas freagrachta leathnaithe táirgeora chun an prionsabal "costas an truaillithe ar an truaillitheoir" a chur chun feidhme. Mar sin féin, níor bhunaigh an Laitvia, ná tíortha eile, córas freagrachta leathnaithe táirgeora i réimse an bhainistithe fuíolluisce roimhe seo ná níor chuir siad córas freagrachta leathnaithe táirgeora i bhfeidhm maidir le cógaisíocht.

Tá na hábhair imní chéanna againn agus atá ag Ballstáit eile maidir le córais freagrachta leathnaithe táirgeora a chur i bhfeidhm ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar phraghsanna agus ar inrochtaineacht na dtáirgí sin do na daoine is leochailí. Is cúis imní dúinn freisin nach ndearnadh measúnú iomlán ar na tionchair sin le linn an mheasúnaithe tionchair, agus nach ndearnadh an ganntanas táirgí íocshláinte atá ann faoi láthair, a bhfuil tionchar aige ar go leor Ballstát, a mheas i gceart. Dá bhrí sin, iarraimid ar an gCoimisiún leanúint de mheastóireacht a dhéanamh ar na tionchair sin freisin tar éis an ghlactha, agus gníomhú dá réir, más gá.

Tuigtear dúinn fós go mbeidh sé an-dúshlánach neodracht fuinnimh a bhaint amach, go háirithe i gcás gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh níos lú nach féidir gach foinse fuinnimh in-athnuaite a úsáid iontu ar chúinsí teicniúla agus eacnamaíocha.

Ar deireadh, ní mór dúinn cuimhneamh ar na costais ollmhóra a bheidh i gceist amach anseo chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an bonneagar bainistithe fuíolluisce ceanglais na treorach sin. Éileoidh an cur chun feidhme go ndéanfaí infheistíochtaí suntasacha in imeacht tréimhse a mhairfidh idir 15 bliana agus 20 bliain, infheistíocht ar fiú roinnt billiún euro ar a laghad é sa Laitvia.

Ní féidir le húsáideoirí na seirbhísí bainistithe fuíolluisce amháin na costais sin a sheasamh ina n-iomláine. Leanfaimid de bhéim a leagan ar an ngá atá le hacmhainní airgeadais iomchuí a áirithiú, lena n-áirítear ón gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.'

**RÁITEAS ÓN LIOTUÁIN**

'Tacaíonn an Liotuáin le hathmhúnlú na Treorach maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh, a ailíníonn le spriocanna an Aontais maidir le cosaint an chomhshaoil agus cáilíocht an uisce. Tacaíonn an Liotuáin le fócas na Treorach ar bhonneagar cóireála fuíolluisce a fheabhsú agus truailliú a laghdú, dhá rud atá ríthábhachtach chun ár n-acmhainní uisce a chosaint.

Mar sin féin, measann an Liotuáin go bhfuil an leibhéal uaillmhéine atá ann faoi láthair, go háirithe maidir leis na hamlínte cur chun feidhme agus leithdháileadh acmhainní, ró-ard. Tá dúshláin shuntasacha ag baint leis sin, go háirithe do na Ballstáit sin a bhfuil bonneagair ilghnéitheacha agus cumais eacnamaíocha éagsúla acu. Ní mór don Liotuáin a aithint go raibh sé dúshlánach fiú an Treoir atá ann faoi láthair (91/271/CEE) a chur chun feidhme go hiomlán, agus tá go leor Ballstát, lena n-áirítear an Liotuáin, fós ag saothrú leo chun í a chomhlíonadh. Fágann sin go mbeidh sé níos deacra fós uaillmhian mhéadaithe na Treorach athbhreithnithe a bhaint amach.

Le leathnú an raoin feidhme cuirtear ualach suntasach airgeadais ar an Liotuáin, go háirithe an oibleagáid gach ceirtleán in áiteanna ina bhfuil coibhéis daonra nach lú ná 1 000 a nascadh. I bhfianaise a staide geografaí agus déimeagrafaíochta, go háirithe i lonnaíochtaí beaga a bhfuil laghdú tagtha ar an daonra iontu mar gheall ar imirce, d'fhéadfadh gur beag an difear a dhéanfadh suiteáil córas bailithe fuíolluisce i ndáil le truailliú a laghdú agus a chosc. Sna cásanna sin, níl bonn maith leis an infheistíocht ó thaobh na heacnamaíochta de.

Glacann an Liotuáin freisin leis an sprioc choiteann prionsabal na freagrachta leathnaithe táirgeora a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí. Mar sin féin, tá amhras ar an Liotuáin maidir leis an réasúnaíocht a bhaineann le prionsabal na freagrachta leathnaithe táirgeora a chur i bhfeidhm go heisiach ar thionscail na cógaisíochta agus na gcosmaidí. Tugann an Liotuáin dá haire nach ndearnadh measúnú iomlán ar thionchar na Treorach ar an tionscal cógaisíochta, lena n-áirítear inrochtaineacht agus praghsáil táirgí íocshláinte, go háirithe i bhfianaise an ghanntanais táirgí íocshláinte atá ann faoi láthair agus na n-iarrachtaí leanúnacha chun neamhspleáchas thionscal cógaisíochta an Aontais a áirithiú. Creideann an Liotuáin go láidir gur cheart gach earnáil a astaíonn micreathruailleáin a chumhdach leis an Treoir chun cur i bhfeidhm cuimsitheach agus cothrom an phrionsabail "costas an truaillithe ar an truaillitheoir" a áirithiú. Tá imní ar an Liotuáin faoi indéantacht agus in-fhorfheidhmitheacht na bhforálacha siúd agus faoin gcaoi a ngabhfaidh siad i bhfeidhm ní hamháin ar a monaróirí sna hearnálacha sin ach ar sholáthairtí na dtáirgí tábhachtacha ó Bhallstáit eile freisin. Maidir le freagracht leathnaithe táirgeora, b'fhearr leis an Liotuáin go gcomhroinnfí na costais a bhaineann le cóireáil cheathartha ar bhealach níos cothroime tríd an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' a chur i bhfeidhm ar bhealach níos láidre.

Ar deireadh, tá sé tábhachtach a chur in iúl go láidir go mbeidh gá le hacmhainní suntasacha airgeadais chun an Treoir nua a chur chun feidhme. Ar nós go leor Ballstát eile, tá dúshláin roimh an Liotuáin maidir le maoiniú a dhéanamh ar na huasghráduithe bonneagair agus na costais oibríochtúla is gá. Ní féidir uaillmhian na Treorach a bhaint amach gan tacaíocht shuntasach airgeadais, agus leagann an Liotuáin béim ar an ngá atá le cistiú tiomnaithe de chuid an Aontais chun cabhrú leis na Ballstáit ceanglais na Treorach a chomhlíonadh. Gan an tacaíocht airgeadais sin, tá amhras ann faoina indéanta atá sé an Treoir a chur chun feidhme, go háirithe i mBallstáit bheaga.'

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

'Tá aitheantas agus tacaíocht tugtha ag Málta riamh anall d'uaillmhian an Choimisiúin aghaidh a thabhairt ar fhoinse an truaillithe in uiscí an Aontais agus, ar deireadh thiar, truailliú nialasach a bhaint amach san Aontas Eorpach.

Cé go dtuigeann Málta, ó thaobh cur chun feidhme de, an réasúnaíocht atá le scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora agus cé go n-aithníonn sí na tairbhí a bhaineann leis na scéimeanna sin, tá Málta fós den tuairim nach bhfuil sé inghlactha gur ar othair a bheadh an t-ualach airgeadais deiridh. I ndáil leis an méid sin, aithníonn Málta go dearfach na leasuithe ar an Treoir chun na solúbthachtaí is gá a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora ar inrochtaineacht, infhaighteacht agus inacmhainneacht na gcógas ar an leibhéal náisiúnta, trína chur ar chumas na mBallstát cuid de chostais na cóireála ceathartha a mhaoiniú i gcás inarbh ann do na tionchair sin.

Mar sin féin, creideann Málta nár cheart costas sóisialta díréireach a bheith ag baint leis an uaillmhian sin. I gcomhréir leis an seasamh a glacadh ó thús na caibidlíochta sa Chomhairle, is cúis imní mhór pholaitiúil do Mhálta go fóill cur i bhfeidhm an tsínidh atá beartaithe don fhreagracht leathnaithe táirgeora chun na cógais uile in Iarscríbhinn III a chumhdach. Is beag an smacht atá ag othair atá ag dul faoi chóireáil ar an gcaoi a bhfaigheann siad an chóireáil sin, gan trácht ar an rogha maidir leis an gcineál cógais a ordaítear dóibh. Cé go gcuireann an téacs atá ann faoi láthair go mór leis an tsolúbthacht trínar féidir scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora a fhorbairt sna Ballstáit faoi seach, ní chuirtear dóthain coimircí ar fáil go fóill chun a áirithiú nach rachaidh an tionchar airgeadais (fiú más miontionchar é) ar an tionscal cógaisíochta i bhfeidhm ar othair.

Creideann Málta go rachadh an méadú ar phraghsanna táirgí cógaisíochta áirithe go mór chun donais ar infhaighteacht agus rogha na cóireála, go háirithe i gcás margadh beag cosúil le margadh Mhálta. D'fhágfadh sé sin go mbeadh sé níos measa fós d'othair, arb iad is leochailí ina leith.

Leis an meon sin, cé go gcreideann Málta anois agus feasta in iarrachtaí an Aontais chun cáilíocht uisce níos fearr a bhaint amach, athdhearbhaíonn Málta nár cheart go gcuirfeadh an Treoir seo inrochtaineacht, infhaighteacht agus inacmhainneacht táirgí ríthábhachtacha cosúil le cógais leighis i mbaol: ní haon só-earraí iad – is den riachtanas iad.'

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Tacaíonn an Ostair leis an gcur chuige sa Treoir athbhreithnithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus measann sí gur beart tábhachtach í i gcosaint inbhuanaithe fhadtéarmach cháilíocht an uisce. Dá bhrí sin tá an Ostair ag vótáil chun an Treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh a ghlacadh. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach dreasachtaí a chruthú i gcomhair truaillitheoirí chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt táirgí níos glaise i gcomhréir leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora earnáilshonrach. I bhfianaise an mhéid sin, ba mhian leis an Ostair aird a tharraingt ar chúiseanna imní thionscail na cógaisíochta agus na gcosmaidí agus bheadh sí i bhfabhar measúnú luath maidir le freagracht leathnaithe táirgeora.

Chuirfeadh sé sin leis an gcuspóir foriomlán uathriail straitéiseach agus iomaíochas domhanda an Aontais in earnálacha íogair a neartú agus choinneodh sé infheistíochtaí, nuálaíochtaí agus táirgeadh – in earnáil na cógaisíochta, mar shampla – laistigh den Aontas.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Aithníonn an Pholainn nach mór an Treoir reatha maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a leasú.

Tacaíonn an Pholainn le fís leathan an Choimisiúin Eorpaigh maidir le rialacháin nua. Ba cheart uaillmhian an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus beart Eorpach eile a chur san áireamh sa reachtaíocht nua maidir le cóireáil fuíolluisce. Tá earnáil uisce agus fuíolluisce na Polainne páirteach i roinnt gníomhaíochtaí a bhaineann leis na réimsí seo a leanas: gníomhú ar son na haeráide, éifeachtúlacht fuinnimh, an geilleagar ciorclach agus uaillmhian maidir le truailliú nialasach. In ainneoin gníomhaíochtaí leanúnacha nua, tá comhlíonadh iomlán na Treorach reatha maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (91/271/CEE) ar cheann de na dúshláin is mó go fóill. Is gá fós infheistíochtaí ollmhóra agus roinnt mhaith bearta costasacha a dhéanamh chun an méid seo a leanas a dhéanamh: cur leis an líonra séarachais, gléasra cóireála fuíolluisce a nuachóiriú, faireachán a dhéanamh ar chórais aonair agus dea-bhainistiú a áirithiú.

Léirítear uaillmhian mhór i dtéacs comhréitigh na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh. Beidh spriocdhátaí fada cur chun feidhme (e.g. chun críocha infheistíochta) agus iarrachtaí suntasacha cistiúcháin agus eagrúcháin de dhíth don Treoir nua. Ina theannta sin, ní mór don Aontas cistí a sholáthar chun na hoibleagáidí nua a eascraíonn as an Treoir a chomhlíonadh.

Is cúis imní don Pholainn géarú na gceanglas agus giorrú na spriocdhátaí i gcomparáid leis an gcomhréiteach ar thángthas air faoin gCur Chuige Ginearálta, a glacadh an 16 Deireadh Fómhair 2023.

Athdhearbhaíonn an Pholainn an imní atá uirthi maidir le hindéantacht forálacha lena bhféadfaí freagracht leathnaithe táirgeora a chur i bhfeidhm go héifeachtach, ós rud é nach gcumhdaítear leis an Treoir atá beartaithe gach earnáil a astaíonn micreathruailleáin (ní chumhdaítear léi ach dhá cheann: cosmaidí agus an chógaisíocht), chun cur chun feidhme iomlán an fhíorphrionsabail "costas an truaillithe ar an truaillitheoir" a áirithiú.

Ina theannta sin, beidh gá le hinfheistíochtaí ollmhóra agus cruthófar costais arda oibriúcháin chun an Treoir a leathnú chuig ceirtleáin ina bhfuil coibhéis dar méid idir 1 000 agus 2 000, rud a mbeidh tionchar aige freisin ar tharaifí bailithe fuíolluisce.

Ina theannta sin, éilíonn iarmhairtí tubaisteacha na dtuilte sa Pholainn gealltanas suntasach airgeadais chun bonneagar a atógáil. I bhfianaise an mhéid sin, beidh sé deacair ceanglais na Treorach a chomhlíonadh, agus beidh caiteachas suntasach airgeadais i gceist leis freisin.

I bhfianaise an mhéid thuas, ní féidir leis an bPolainn tacú leis an dréacht-Treoir agus vótálann sí i gcoinne a glactha.'

**RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL**

'Tacaíonn an Phortaingéil go hiomlán le cuspóirí na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, agus aithníonn sí gur céim uaillmhianach riachtanach í chun feabhas a chur ar chosaint dobharlach, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide agus chun cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach.

Creideann an Phortaingéil go neartóidh an Treoir cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil, go háirithe maidir le foinsí éillithe atá ag teacht chun cinn a mhaolú.

Aithníonn an Phortaingéil, áfach, gur dúshlán a bheidh i gcur chun feidhme rathúil na Treorach, lena n-éileofar infheistíocht shuntasach agus eolas críochnúil ar chineálacha cur chuige rioscabhunaithe. Ceann de na príomhdheacrachtaí is ea meastachán a dhéanamh ar ualaí truailleán ó fhorsceitheadh uiscí stoirme, rud a mbeidh teicnící measúnaithe sofaisticiúla ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, is dúshlán suntasach é an fhreagracht leathnaithe táirgeora a chur chun feidhme.

Cuireann an Phortaingéil béim ar a thábhachtaí atá sé malartú láidir faisnéise a áirithiú idir na Ballstáit chun neamhréireachtaí i gcur chun feidhme na freagrachta leathnaithe a sheachaint, go háirithe maidir le hearnáil na cógaisíochta. D’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag neamhréireachtaí ar mhargaí intíre, mar sin beidh ailíniú idir tíortha ríthábhachtach.

Ba cheart do thionscail leanúint dá n-infheistíochtaí agus dá nuálaíocht a chothú, go háirithe i dtáirgeadh táirgí níos freagraí laistigh den tír. Beidh sé ríthábhachtach cothromaíocht a choinneáil idir cuspóirí comhshaoil agus iomaíochas tionsclaíoch chun dul chun cinn inbhuanaithe a áirithiú.

D’ainneoin na ndúshlán sin, tá an Phortaingéil tiomanta i gcónaí rannchuidiú go suntasach le cuspóirí na Treorach. Tá an Phortaingéil tiomanta do chomhar agus comhroinnt eolais le Ballstáit eile a chur chun cinn chun cur chun feidhme rathúil na Treorach a áirithiú. Beidh an cur chuige comhoibritheach sin ríthábhachtach chun na deacrachtaí a bhaineann leis an bhfreagracht leathnaithe a shárú agus chun cuspóirí na Treorach maidir le cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn.

Mar fhocal scoir, tá an Phortaingéil tiomanta go hiomlán do rath na Treorach agus tá sí sásta rannchuidiú suntasach a dhéanamh agus páirt a ghlacadh in iarrachtaí comhoibríocha chun cosaint an chomhshaoil agus an tsláinte phoiblí a neartú ar fud na hEorpa. Dá bhrí sin, tacaíonn an Phortaingéil le glacadh na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh.’

**RÁITEAS ÓN RÓMÁIN**

‘Cuireann an Rómáin in iúl go dtacaíonn sí le téacs comhréitigh deiridh an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (athmhúnlú). Cé go bhformhuinímid sprioc uileghabhálach an togra maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh a ailíniú leis na forbairtí eolaíocha is déanaí agus le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach, ba mhaith linn a thabhairt chun suntais go mbeidh sé dúshlánach agus costasach ceanglais áirithe a chur chun feidhme.

Cuirimid i bhfios go láidir go mbeidh gá le hinfheistíochtaí suntasacha thar thréimhse fhada chun an Treoir a fhorghníomhú go rathúil, rud a imreoidh tionchar ar infhaighteacht agus inacmhainneacht na seirbhísí bainistithe fuíolluisce, i gceantair thuaithe den chuid is mó. Tá sé sin ríthábhachtach go háirithe ós rud é go bhfuil obair shuntasach fós le déanamh chun an Treoir atá ann faoi láthair (91/271/CEE) a chur chun feidhme ina hiomláine. Tuigimid go n-aithnítear sa Treoir nua na dúshláin uathúla atá roimh na Ballstáit a tháinig isteach san Aontas le déanaí, lena n-áirítear an Rómáin.

Chun an Treoir a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, beidh gá le cistiú a fháil ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tacaíocht shuntasach airgeadais ó chistí náisiúnta agus ó chistí an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, chun an raon feidhme a leathnú chun ceirtleáin ina bhfuil coibhéis daonra idir 1 000 agus 2 000 a chur san áireamh, beidh gá le hinfheistíochtaí suntasacha agus beidh costais oibríochtúla níos airde mar thoradh air sin. Is mian linn aird a tharraingt ar ábhar imní sonrach náisiúnta: mar gheall ar threochtaí daonra atá ag laghdú, méadaíonn an tairseach íslithe an dóchúlacht go bhféadfadh roinnt ceirtleán titim faoi bhun na teorann sin go luath, rud a d’fhéadfadh éifeachtúlacht costais a chur i mbaol agus costais neamhriachtanacha a mhéadú. Tá forchoimeádais ag an Rómáin freisin maidir le tionchar na bhforálacha i ndáil le freagracht leathnaithe táirgeora, go háirithe a mhéid a bhaineann siad leis an gcógaisíocht.

Ón dianphlé a bhí againn le lucht an tionscail, beidh costais an-ard ag baint le cur chun feidhme na freagrachta leathnaithe, rud a dhéanfaidh difear d'infhaighteacht agus inacmhainneacht na gcógas, go háirithe cógais chineálacha. D'fhéadfadh géarchéim sláinte dár ndaonra a bheith mar thoradh air sin. Ón tús, leagamar béim ar an ngá atá leis an bhfreagracht leathnaithe a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais chun cóir chothrom a áirithiú sna Ballstáit uile. Dá bhrí sin, tathantaímid ar an gCoimisiún plé a éascú arb é is aidhm dó an fhreagracht leathnaithe a chur chun feidhme go haonfhoirmeach ar fud na mBallstát uile, lena n-áiritheofar nach gcuirfidh sé ualaí míchuí ar phobail a bhfuil cógais de dhíth orthu.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓIVÉIN**

'Tacaíonn an tSlóivéin le cuspóirí na Treorach maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú) agus tugann sí tiomanta dá chuspóirí, a rannchuideoidh le hastaíochtaí substaintí isteach san uisce a laghdú chomh maith le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, le húsáid éifeachtúil fuinnimh agus le geilleagar ciorclach a chur chun cinn trí athúsáid fuíolluisce chóireáilte agus sloda agus le próiseáil cothaitheach a spreagadh.

Is díol sásaimh don tSlóivéin gur comhaontaíodh síneadh a chur leis na spriocdhátaí chun ceanglais nua nó fheabhsaithe na treorach a chur chun feidhme. Creideann an tSlóivéin, áfach, go bhfuil cuid de na cuspóirí an-uaillmhianach agus go mbeidh gá le bearta a bheidh an-dian go teicniúil agus go heacnamaíoch chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, tathantaíonn an tSlóivéin ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear cistí leordhóthanacha de chuid an Aontais ar fáil chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát.

Is díol sásaimh don tSlóivéin go dtagann faoi raon feidhme na treorach na huaillmhianta maidir le bonneagar iomchuí a chur ar fáil chun fuíolluisce uirbeach a bhailiú agus a chóireáil, chomh maith leis an tairseach a ísliú do mhéid na gceirtleán. Ag an am céanna, is díol sásaimh don tSlóivéin na forálacha lena gceadaítear roinnt solúbthachta de réir cúinsí sonracha náisiúnta nó áitiúla, go háirithe cúinsí geografacha, nó dálaí sonracha áitiúla eile. Mar sin féin, tá an tSlóivéin den tuairim go mbeadh gá le níos mó solúbthachta fós maidir le húsáid córas aonair chun fuíolluisce uirbeach a bhailiú agus a chóireáil. Cuirimid béim ar an imní ar leith atá orainn maidir leis an gceanglas doiléir nach mór an leibhéal céanna cosanta comhshaoil agus shláinte an duine a bhaint amach i gcás córais aonair, agus maidir leis an tairseach aonfhoirmeach 2 % d'úsáid córas aonair ar an leibhéal náisiúnta nach gcuireann san áireamh éagsúlacht na gcúinsí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal áitiúil.

Tacaíonn an tSlóivéin le cur chun feidhme feabhsaithe an phrionsabail "costas an truaillithe ar an truaillitheoir". Mar sin féin, meabhraíonn an tSlóivéin gur cúis imní di nach bhfuil na ceanglais maidir le freagracht leathnaithe táirgeora soiléir go leor. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don tSlóivéin an oibleagáid atá ar an gCoimisiún malartú faisnéise a chur ar fáil agus tá sí ag tnúth le taithí agus dea-chleachtais a mhalartú.

Cuireann an tSlóivéin in iúl freisin gur dúshlán suntasach ar an leibhéal náisiúnta é an oibleagáid nua maidir le cóireáil cheathartha a chur chun feidhme agus na cuspóirí a bhaint amach i ndáil leis sin. Is amhlaidh atá i gcás na n-uaillmhianta maidir le neodracht fuinnimh na hearnála sin a bhaint amach. Creideann an tSlóivéin go bhfuil gá le rannchuidiú ón earnáil sin chun spriocanna aeráide a bhaint amach, agus ón taobh sin de, tacaíonn sí leis na hiarrachtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú laistigh den earnáil. Mar sin féin, meabhraítear don tSlóivéin gur cúis imní di a indéanta atá sé neodracht fuinnimh a bhaint amach laistigh den earnáil ar an leibhéal náisiúnta.

Ina theannta sin, meabhraítear don tSlóivéin gur cúis imní di na ceanglais uaillmhianacha maidir le faisnéis a bhailiú agus a bhainistiú.

D'ainneoin na n-ábhar mór imní a bhaineann leis na cuspóirí uaillmhianacha a luaitear thuas, aithníonn an tSlóivéin mar sin féin gur céim thábhachtach í an treoir athbhreithnithe i dtreo cosaint fheabhsaithe don chomhshaol agus do shláinte an duine, agus dá bhrí sin vótálann sí chun an Treoir seo a ghlacadh.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 8 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le táirgí foirgníochta**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Measann Poblacht na Bulgáire gur príomhghníomh i réimse mhargadh aonair an Aontais é an Rialachán nua maidir le Táirgí Foirgníochta, i bhfianaise an róil thábhachtaigh atá ag earnáil na tógála i ngeilleagar an Aontais ina iomláine.

Tacaíonn Poblacht na Bulgáire go hiomlán le cuspóir an Rialacháin nua mar gheall ar an méid seo a leanas:

an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh i gcur i bhfeidhm praiticiúil Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, agus

an gá atá leis an gcreat dlíthiúil le haghaidh táirgí foirgníochta a thabhairt cothrom le dáta, agus cúinsí nua an mhargaidh á gcur san áireamh, lena n-áirítear trí phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh a thabhairt isteach.

Sa chiall sin, aithnímid an dúshlán atá roimh na comhreachtóirí maidir le Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta atá uaillmhianach agus go hiomlán nua a ghlacadh, ar píosa reachtaíochta casta é mar gheall ar a idirnascadh le roinnt píosaí eile de reachtaíocht mhargadh aonair an Aontais. Ag an am céanna, áfach, is oth linn go mór, leis an bplé fada sa Chomhairle, lena n-áirítear plé ar ghnéithe sonracha de réir braisle, nárbh fhéidir téacs deiridh an Rialacháin a mheas ina iomláine agus laistigh de thréimhse ama réasúnta.

Tá sé tábhachtach a thuiscint, i réimse an chomhchuibhithe theicniúil, gurbh é treoirphrionsabal na Bulgáire i gcónaí cloí le prionsabail na rialála níos fearr, agus níos tábhachtaí fós leis an gcuspóir creat rialála soiléir agus reachtaíocht a sheasfaidh an aimsir a bhaint amach, dúshláin agus riachtanais reatha an mhargaidh a fhreagairt, agus ualaí nach bhfuil gá leo a sheachaint, d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis náisiúnta inniúla araon.

I bhfianaise a bhfuil thuas, creidimid nár baineadh amach an cuspóir deiridh maidir le feabhas a chur ar an gcreat reachtach atá ann faoi láthair in earnáil na dtáirgí foirgníochta a mhéid is féidir, agus dá bhrí sin go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ann maidir le cur chun feidhme praiticiúil an Rialacháin nua. Cé gur tugadh aghaidh ar go leor de na saincheisteanna achrannacha i dtéacs deiridh an Rialacháin, leagann an Bhulgáir béim ar an imní atá uirthi faoi indéantacht agus éifeachtacht na gceanglas a bhaineann le hoibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha (lena n-áirítear na catagóirí nua oibreoirí eacnamaíocha a tugadh isteach), an creat nuashonraithe maidir le faireachas margaidh agus cur chun feidhme na gcóras nua measúnúcháin agus fíorúcháin.

I bhfianaise an mhéid thuas, ní féidir leis an mBulgáir aontú leis an leagan deiridh den Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta agus tá sí ag staonadh ón vótáil ina leith.'

RÁITEAS ÓN IODÁIL

'Is díol sásaimh don Iodáil an Rialachán nua maidir le táirgí foirgníochta.

Tá an Rialachán seo ríthábhachtach chun an caighdeánú a éascú agus chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus é mar aidhm leis a áirithiú nach mbeidh ach táirgí sábháilte agus comhlíontacha i gcúrsaíocht ar mhargadh an Aontais.

Mar sin féin, leis an Rialachán nua, is gá iarrachtaí suntasacha a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon. Ba cheart don Choimisiún acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil go tráthúil chun forálacha an Rialacháin nua a chur chun feidhme agus chun cúnamh a thabhairt do na húdaráis agus do na páirtithe leasmhara sna Ballstáit le linn na hidirthréimhse, ag díriú go háirithe ar FBManna, a thabhóidh costais bhreise agus na caighdeáin nua á gcomhlíonadh acu.

Ní féidir leis an Eoraip leanúint de bheith ag brath ar shraith caighdeán comhchuibhithe atá breis agus 20 bliain d'aois.

Ag an am céanna, tá súil ag an Iodáil go mbeidh próiseas níos rianúla ann mar thoradh ar an tacaíocht don nuálaíocht chun a áirithiú go luafar Doiciméid nua um Measúnú Eorpach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é nach bhfuil na sonraíochtaí sin comhchuibhithe a thuilleadh.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le táirgí foirgníochta**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITIS ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN**

'"Maidir le hAirteagal 14(4) de Threoir 2006/112/CE: Tá sé socraithe ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an sainmhíniú ar 'ciandíolachán earraí a allmhairíodh ó thríú críocha nó tríú tíortha' a leathnú chuig soláthairtí earraí ó stórais chustaim san Aontas i gcomhthéacs na caibidlíochta atá ar na bacáin i dtaca leis an togra maidir le raon feidhme IOSS (tairseach EUR 150), agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an leathnú sin ó thaobh imghabhála agus calaoise de á gcur san áireamh.'

'Maidir le hAirteagal 262 de 14961/24: Tá sé socraithe ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le neartú a dhéanamh ar an gcreat comhair riaracháin CBL chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit a bhaineann úsáid as an rogha dá bhforáiltear faoi Airteagal 262, mír 1, fomhír 2, lena gceadaítear faighteoirí earraí agus faighteoirí seirbhísí a eisiamh ón oibleagáid na sonraí maidir leis na hidirbhearta trasteorann sin a thuairisciú, go ndéanfaidh siad faisnéis thráthúil a chur ar fáil do Bhallstát an tsoláthróra nuair is gá. Bunaithe ar an measúnú sin, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh.'"

**RÁITIS ÓN gCOMHAIRLE**

'"Maidir le hAirteagal 59c de 14961/24: Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid agus ar raon feidhme na tairsí a leagtar síos in Airteagal 59c de Threoir 2006/112/CE laistigh de 5 bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo.'

'Maidir leis an ionad éigeantach ilfhreastail allmhairiúcháin: Leanfaidh an Chomhairle den obair ar ghnéithe eile den togra a mhéid a bhaineann leis na dreasachtaí chun úsáid a bhaint as an ionad ilfhreastail allmhairiúcháin faoi chuimsiú na caibidlíochta maidir leis an Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/11/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhú agus a íoc (comhad idirinstitiúideach 2023/0158 (CNS)) d'fhonn teacht ar chomhaontú a luaithe is féidir.'

‘Maidir leis an teacht i bhfeidhm: Aithníonn an Chomhairle na dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme an chórais nua tuairiscithe ó thaobh TF de d’údaráis chánach agus do dhaoine inchánacha, go háirithe FBManna. Dá bhrí sin, moltar cur chuige céimnithe i ndáil le ríomhshonrascadh a chur chun feidhme go háirithe do na Ballstáit a thugann ceanglais maidir le tuairisciú digiteach isteach le haghaidh féinsoláthairtí agus soláthairtí earraí agus seirbhísí a dhéantar idir daoine inchánacha laistigh dá gcríoch. D’fhéadfadh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le céimeanna leantacha i gcur chun feidhme na hoibleagáide ríomhshonraisc a eisiúint le haghaidh idirbhearta intíre, seachas iad siúd a chumhdaítear leis na ceanglais trasteorann maidir le tuairisciú digiteach, bunaithe ar mhéid na ndaoine inchánacha lena mbaineann, sa tréimhse roimh theacht i bhfeidhm an athchóirithe ar fud an Aontais i ndáil le ríomhshonrascadh agus ríomhthuairisciú ón 1 Iúil 2030.”’

**RÁITIS ÓN gCOIMISIÚN**

‘Aithníonn an Coimisiún gur forbraíodh an caighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh ar dtús lena úsáid le haghaidh idirbhearta B2G (Gnólacht le Rialtas). Tá obair á déanamh ar an gcaighdeán seo chun a áirithiú go gclúdaíonn sé gach riachtanas B2B (Gnólacht le Gnólacht) go luath. Aithníonn an Coimisiún freisin an gá atá leis an gcaighdeán sin chun na ceanglais earnála gnó atá ann cheana a chomhtháthú, ar ceanglais iad a bhfuil infheistíocht ollmhór déanta ag gnólachtaí Eorpacha iontu cheana féin. Roimh theacht i bhfeidhm na hoibleagáide maidir leis an gcaighdeán Eorpach a úsáid le haghaidh na n-idirbheart uile laistigh den Aontas, féachfaidh an Coimisiún ar cuireadh obair sin i gcrích go hiomlán agus molfaidh sé na bearta idirthréimhseacha is gá murab amhlaidh an cás.’

‘Chun trédhearcacht iomlán a sholáthar, baileoidh agus foilseoidh an Coimisiún faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na heisceachta i dtaobh FBManna, dá bhforáiltear in Airteagal 28a (4).’

**RÁITEAS ÓN SPÁINN**

‘Tacaíonn an Spáinn leis an gcur chuige ginearálta a léirítear sa togra maidir le samhail an tsoláthróra mheasta dá bhforáiltear in Airteagal 28a de Threoir 2006/112/CE (an Treoir maidir le CBL). Dearbhaíonn sí, áfach, go bhfuil sí toilteanach samhail den chineál sin a chur i bhfeidhm roimh dháta theacht i bhfeidhm na forála seo, mar bheart simpliúcháin a mhéid a bhaineann le bailiú CBL agus mar bhealach chun feabhas a chur ar chomhrac na calaoise i dtaca le CBL, mar a fhoráiltear in Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.’